

An tÓraiste

Foireann

Joe

Duine

Cúramaí

Carachtar Amhrasach 1

Carachtar Amhrasach 2

Máistir

Katie

Caitríona

Bullaí

Niamh

Aodhán

Joni

Rozlyn

Clíodhna

Shannan

Amelia

Georgia

Rachael

Garda 1

Garda 2

Emma

Taylor
Jonathan

Radharc 1

Joe enters, dim lighting, exhibits of the gallery covered. Proceeds to bring up the lighting, open the front curtain and uncover the exhibits as he delivers his opening monologue.

Joe (*Sighing as the lights come up gradually*) Lá eile, agus níor mhiste liom, ach seo an lá is measa den tseachtain! De Luain. Oh Cúirtín, seachtain iomlan oibre amach romhat. Obair, obair, obair. Nach trua mise. (*Beginning to uncover the exhibits.*) Ach, da mbeadh rogha agamsa, tá fhios agam cad é a ba mhaith liom bheith ag déanamh, bheinn i m'ealaíontóir. Sin an job domhsa! Ní bheadh urláir ar bith le scuabadh ansin agam. No way. Bheadh gach duine ag caint faoi mo chuid píosáí ealaíne-se. Bheadh clú agus cáil orm ar fud an domhain. Joe Mhicí Joe Big Jimmy - World renowned artist. Aye, sin mise! Dealbhadóir a bheadh ionam, aye, cosúil le Rodin. (*Tagann duine amach agus déanann aithris ar an "Thinker".*) Ach bheinnse níos fearr. Chaithfinn an lá uilig ag dealbhadóireacht - chip chip chip chip chip - ó mhaidin go hoíche - chip chip chip chip chop – Oooops! (*Uncovers the picture of a dancer.*) Fan bomaite, amharc air seo, now sin an job domhsa, Joe Mhicí Joe Big Jimmy, World renowned dancer. (*Tagann duine amach ag déanamh fógra*)

Duine “Ladies and Gentlemen, a dhaoine uaisle, anocht, beo anseo i Madison Square Gardens, faoi choinne oíche amháin, Joe Mhicí Joe Big Jimmy”. (*Dances across stage to the strains of Riverdance - lights flash.*) Joe Michael Flatley, coimhead tú féin, tá Joe Mhicí Joe anseo. (*Dances back across stage to the next strains of Riverdance.*) Go raibh maith agaibh (*bowing*), go raibh maith agaibh. Tá sibh ró-mhaith, go raibh maith agaibh. Ah! (*Uncovering the last piece of art - the Arabic Painting.*) Now sin an ceann is fearr daofa uilig, Joe Mhicí Joe Big Jimmy, world renowned painter. (*Mimes painting a picture - very self important, talking with a hoighty, toighty accent.*) Sé, sé, is maith liom an solas is maith liom an dáth, is maith liom na dathanna. Iontach láidir. Agus bheadh daoine ag teacht ó gach áit ag iarraidh orm iad a phéinteáil, oh aye!

Duine Joe, Joe, le do thoil, caithfidh tú mé a phéinteáil - le do thoil a Joe.

Joe Ní chaithfidh mé leoga - tá mé ró-ghnóthach. Tar ar ais an bhliain seo chugainn.

Duine Ach Joe - le do thoil - tabharfaidh mé rud ar bith duit - ainmnigh do phraghas!

Joe Cúig mhilliún euro.

Duine Cinnte Joe - Oh Joe, go raibh maith agat - fan go gcloisfidh mo chuid cairde - go raibh maith agat.

Joe Oh aye - sin mise - Péintéir den chéad scoth - ní bheadh “look in” ag Picasso nó Da Vinci. (*Tógann sé suas an scuab agus tosaíonn sé ag scuabadh an urláir.*) Ara - cé leis a bhfuil mé caint. Níl ionam ach doirseoir, “odd job man”, ag obair anseo sa ghailearaí ar bheagán airgid. Joe Mhicí Joe Big Jimmy - world renowned daydreamer. (*Sighing.*) Ach da mbeinnse i m'ealaíontóir!

(Joe begins to sweep the floor. Cúramaí enters carrying a clip board with a lot of fuss - appears flustered.)

Cúr Joe, sin tú. Chuardaigh mé an gailearaí ó bhun go barr, cá raibh tú?

Joe Tá mise anseo i rith na maidine - ag obair!

Cúr Right, ceart go leor, éist liom anois.

Joe Right.

(Cúramáí begins to explain the importance of the day getting gradually more excited, nervous, agitated, loud as she proceeds.)

Cúr Caithfidh tú déanamh cinnte de go bhfuil gach rud “spic ‘n span” inniu.

Joe Right.

Cúr Tá’n lá inniu iontach iontach tábhachtach.

Joe Right.

Cúr Inniu an lá atá na Teachtaí Ealaíne ag teacht ar cuairt ón Eoraip, trí chigire ó Shasana.

Joe Right.

Cúr Tá cuid mhór ag brath ar seo Joe - tá an deontas airgid don bhliain seo chugainn ag brath ar an chuairt seo.

Joe Right.

Cúr Caithfimid déanamh cinnte de go bhfuil siad sásta le gach rud.

Joe Right.

Cúr Joe! Nach bhfuil tú ábalta rud ar bith eila rá ach “right”. Ná habair an focal sin arís.

(Pregnant pause.)

Joe Ceart go leor.

(Enter two suspicious looking characters who begin to view exhibits.)

Cúr Now tá liosta déanta amach anseo agam duit - rudaí atá le déanamh - léigh tríd ansin bomaite tú féin...

(Turning to the two visitors.)

Cúr Hello, sé bhur mbeatha - tá fáilte romhaibh.

Sus. 1 *(Nervously.)* Oh, go raibh maith agat.

Cúr An dtig liom cuidiú libh ar chor ar bith?

Sus. 1 Oh - Táimid ceart go leor go raibh maith agat - nílimid ach ag féachaint thart.

Cúr Bhal ma tá aon chuidiú de dhíth oraibh - just cuir ceist.

(Turning back to Joe.)

Cúr Bhal ar léigh tú sin a Joe?

Joe Bhfuil seo uilig le déanamh inniu?

Cúr Tá. Cinnte tá.

Joe Tá cuid mhór ann.

Cúr Joe - níl mise déanamh go dtuigeann tusa chomh tábhachtach agus atá an chuairt seo inniu. Cuirfidh mé mar seo é – no deontas, no Joe!

Joe Bhal... *(Gesturing.)*

Cúr An dtuigeann tú?

(Joe nods his head.)

Cúr Now - croith suas tú féin agus glan suas an áit.

(Turns to go, but then reconsiders and comes back.)

Cúr Oh agus rud amháin eile - tá grúpa páistí ag teacht isteach ar cuairt inniu - grúpa scoile – Scoil Bhríde... *(looking it up uncertainly on the clipboard.)* Coinnigh súil orthu nuair a thagann siad isteach.

Cúr Coinnigh súil orthu nuair a thagann siad isteach. *(Turns back to the two visitors.)* An bhfuil sibh ag fáil gach rud ceart go leor?

Sus. 1 Oh tá go raibh maith agat.

Cúr Oh, sin píosa iontach deas - tá an píosa sin iontach luachmhar - an maith libh é?

Sus. 1 Oh - is maith. Luachmhar a dúirt tú? *(Questioningly.)*

Cúr Thar 5 mhilliún euro. Creid é nó ná creid, ach sin an píosa is luachmhaire sa ghailearaí. Is breá liom do chanúint - cén pháirt den tír a dtagann sibh as?

Sus. 2 Oh - ní as Éirinn muidne - tagann muidne as Albain, Glasgow!

Cúr Oh - galánta - tá fáilte romhaibh - Bhal má tá aon cheist agaibh - ná bíodh aon eagla oraibh í a chur. Tá lúcháir orainn i gcónaí fáilte a chur roimh chuairteoirí ó Albain.

Sus. 1 Go raibh maith agat.

(Exit Cúramáí - calls Joe offstage.)

Cúr Joe? Bomaite beag le do thoil!

(Sus. 2 pulls out a gun & puts on a balaclava as Joe exits.)

Sus. 1 *(Sneeringly - mocking his partner.)* Oh - ní as Éirinn muidne, tagann muidne as Albain, tagann muidne as Glasgow.

Sus. 2 Cad é? Cad é tá contráilte anois?

(Sus. 1 turns and noticing the gun and balaclava for the first time, becomes quite annoyed and agitated with Sus. 2.)

Sus. 1 Cad é tá tú a dhéanamh - bain duit an rud sin - agus faigh réiteach den ghunna sin - bhfuil tusa i gceart?

Sus. 2 Cad é? Cad é tá contráilte?

Sus. 1 Ní thig linn an painting a ghoid anois.

Sus. 2 Cad chuige?

Sus. 1 D'inis tú di gur as Albain muid! Cad chuige nár just chuir tú suas fógra? "Glasgow gang steal valuable painting."

Sus. 2 I'm sorry - right - I wasn't thinking!

Sus. 1 No - You need a brain to think! Anyway - ní thig linn an painting a ghoid anois. Caithfidh muid é a fhágáil cúpla lá - amadán !

Sus. 2 Dúirt mé go raibh mé buartha.

Sus. 1 Come on - rachaimid go dtí an seomra Ceilteach seo a raibh sí ag caint air - beidh look beag thart againn air.

(Suspect pair exit, just as Joe returns.)

Joe *(Mimicking the Cúramái.)* "An dtuigeann tú Joe?" "Tá liosta déanta amach agam duit Joe!" "Caithfidh gach rud bheith glan agus néata Joe." "Caithfidh na Sasannaigh bheith sásta Joe." Hmph! Bhí mise anseo tamall maith sular tháinig sí sin. Agus beidh mé anseo tamall maith nuair atá sí imithe. Hmph! Sciotrachán beag – ag tabhairt orduithe domhsa! Hmph! Sciotrachán beag – ag tabhairt orduithe domhsa!

(Tógann Joe an scuab agus tosaíonn sé scuabadh an urláir - tagann an Cúramái isteach arís ag taispeáint an bhealaigh do dhuine éigin.)

Cúr An bealach seo, 'sé díreach isteach anseo.

(Turning to Joe, and speaking in a low voice.)

Cúr Joe, seo an scoil sin anois, croith suas tú féin!

(Turning back to the entering teacher and children.)

Cúr Bhal - an bhfuil sibh uilig istigh? Tá? Go maith - cupla riail bheag ar dtús. Níl cead bheith ag ithe nó ag ól san ghailearaí. agus fosta, níl cead rith in áit ar bith istigh sa ghailearaí.

Máistir An gcloiseann sibh uilig sin?

Páistí Cloiseann!

Cúr Go maith. Bhal, bainigí sult as bhur dturas.

Máistir Go raibh maith agat arís.

Cúr Fáilte romhat - slán go fóill.

Máistir Anois a pháistí - caithfidimid 5 bhomaite sa seomra seo ar dtús agus ansin rachaimid go dtí'n chéad cheann eile. Em, an Seomra Ceilteach. Right, ar aghaidh libh.

Katie Caitríona - féach ar seo - skeleton mór atá ann!

Caitríona Wow! Féach ar ná cnámha uilig - cad é tá ann?

Katie an b'é Dinosaur atá ann?

Caitríona Níl fhios agam! *(Calling to the teacher.)* Mháistir, an b'é seo dinosaur?

Máistir Sé leoga.

Aodhán Sin an rí mór é féin - sin Tyrannosaurus Rex!

K & C Wow!

Máistir Rud maith go bhfuil sé marbh!

Katie Aye, rud maith cinnte!

Joni Rozlyn, Niamh, goitsigí - tá dealbh mór anseo sa chúl de Chief Geronimo.

Rozlyn Cá háit?

Joni Anseo ag bun an tseomra - Geronimo - wa wa wa wa *(runs off like an Indian.)*

Niamh Táimid ag teacht!

Rozlyn *(Blowing an imaginary cavalry trumpet.)* Do, do doo!

Máistir A pháistí, siúlaigí!

(Teacher wanders to look at other exhibits, making sure to be centre stage when needed to interrupt possible bullying.)

Cáitriona Wow! Cháit, Cháit, goitse, féach ar an pictiúir seo.

Katie Wow, rá sin “class”. Féach ar na daoine uilig atá ann.

Cáitriona Yeah, tá sé cosúil le bheith ag féachaint amach ar lucht éisteachta, ar audience istigh in amharclann...

Katie Nuair a bhí mise agus mamaí i mBéal Feirste, chonaic muid pictiúr mór just cosúil leis an pictiúir sin!

Cáitriona Bhal, bhal, bhal. Chuaigh mise agus mamaí agus mo dheartháir Anton, go dtí gailearaí i Londain uair amháin, agus chonaic muid pictiúir iontach, iontach, iontach MÓR - just cosúil leis an pictiúir sin.

Bullaí (*Sneeringly, making fun of Caitriona.*) Bhal, bhal, bhal. Chuaigh mise agus mam, mam, mamaí, go Lo, Lo, Londain uair amháin, agus chonaic muid pictiúr iontach, iontach, iontach MÓR.

Katie Imigh leat agus lig dúinn - cad chuige an gcaithfidh tusa gcónaí bheith ag piocadh orainne?

Bullaí Aww! Boo hoo - grow up! Cad chuige an gcaithfidh sibhse gcónaí bheith ag lickáil tóin an mháistire? Huh?

Katie Just imigh leat agus lig dúinn.

Cáitriona Yeah, just lig, lig, lig dúinn.

Bullaí Tá tusa iontach brave faoi choinne páiste beag!

(*Tagann an múinteoir agus cuireann sé ceist orthu.*)

Máistir Bhfuil gach rud alright anseo?

Bullaí Oh tá a mhaistir - nílimid ach ag caint.

(*By this time most of the other children have convened at the central exhibit - especially Shannan and Joni.*)

Máistir Right, goitsigí - tá sé in am againn bheith ag bogadaí ar aghaidh...

(*Tagann an Cúramaí ar ais isteach. He stays in the background but is obviously listening.*)

Niamh Cad é an sórt pictiúir é seo a mháistir?

Clíodhna An b'é sin pictiúr faoi Bhank a mháistir?

Rozlyn An bhfuil sé fá dtaobh den Anglo Irish Bank a Mháistir?

Máistir Em, b'fhéidir go bhfuil, b'fhéidir go bhfuil...

Shannan (*To Joni.*) Hah! Sin an bank atá do mhamáí-se ag obair dó. Hmm, scaifte crooks!

Joni Druid thusa suas do bhéal - agus anyway, níl mo mhamaí-se ag obair don Anglo Irish Bank, tá sí ag obair don AIB, sin Banc Aontas Éireann - banc eile ar fad ar fad.

Shannan AIB, Anglo Irish Bank, 'sé an rud amháin uilig iad - d'inis daidí domh-a, níl iontu uilig ach scaifte crochadóirí.

Máistir A pháistí, pháistí, sin go leor, ciúnas anois.

Cúr An bhfuil gach rud ceart go leor anseo a mháistir?

Máistir Oh tá cinnte – nílimid ach ag caint faoi na pictiúir!

Cúr Shíl mé gur chuala mé argóint?

Máistir No, no, no. Ní raibh muid ach ag plé, bhí muid go díreach ag déanamh réidh le dhul go dtí an seomra Ceilteach. Right a pháistí, go gasta anois.

Cúr Joe! Cad é a raibh an argóint sin fá dtaobh de?

Joe Ara ní raibh na páistí ach ag cur ceisteanna ar an mháistir faoin phictiúr sin faoi na bancanna. Níl iontas ar bith go raibh siad ag tabhairt amach – seanbhancanna casta.

Cúr An pictiúr seo faoi na bancanna?

Joe Aye, sé.

Cúr Right - faigh réiteach dó.

Joe Eh? Cad é dúirt tú?

Cúr Fáigh réiteach den phictiúr seo. Níl mise ag iarraidh rud ar bith dhul contráilte inniu agus na Cigirí Sasanacha seo ag teacht le tuairisc a dhéanamh orainn. Cad é má fheiceann siad daoine ag tabhairt amach faoinár gcuid pictiúr – fáigh réiteach dó!

(Cúramaí exits.)

Joe Tá an bhean sin ag ligint léi féin. Tá sí ag dul nuts. Bhal, is cuma liomsa - tá mise ag dul a ithe mo lón, agus sin sin.

(Joe sits and starts to eat - finishes his sandwich and is just about to peel his orange when the Cúramaí returns.)

Cúr Cad é tá tú dhéanamh - croith suas thú féin agus bog an pictiúr sin! Anois!

Joe *(Mimicking the Cúramaí after she exits.)* “Fáigh réiteach dó Joe!” “Croith suas thú féin Joe!”

(Joe begins to move the picture while still holding his orange in one hand, still muttering to himself.)

Joe “Déan anois é Joe!”

(Just then his mobile phone rings - to answer it he leaves the orange on the stand while he takes the phone in the same hand.)

Joe Hello? *(Listens.)* Tá mé a bhogadh anois - tá sé i mo chuid lámha agam. *(Listens.)* Bhal bheadh sé déanta agam achab é gur phonáil tusa mé. *(Ostentatiously hangs up on her.)* Mná!

(Joe exits shaking his head. Cloistear mná (na frumps) ag caint go hard offstage ag tabhairt amach agus ag argóint.)

Amel. Abair sin arís *(in a shocked tone)*, níor chuala mé tú mar is ceart. *(Pause for the answer which is not heard.)* Cá mhéad a dúirt tú?

(Georgia and Rachel enter but obviously waiting for the third member of their group who is still paying the admission of €20.00.)

Geor. *(Talking to Rachel.)* Bhal tá an ceart aici, tá sé iontach daor.

Rach. An ceart aici? Nach cinnte go bhfuil, tá an ceart aici cinnte.

Geor. Níl sé ceart, tá an áit seo ar shiúl leis!

(Amelia appears backing onto the stage obviously annoyed and shouting to someone offstage.)

Amel. No! Níl mé ag iarriadh sibh mo chóta a choimeád domh - beidh sin fiche euro eile maram! *(Turning to her two friends.)* Bhal really! *(Shocked.)* Fiche euro le theacht isteach san áit seo - an gcreideann sibh é - fiche euro!

Geor. Oh, ná bí ag caint liomsa faoin áit seo. Aontaím le gach rud a deir tú.

Amel. Cúig euro le féachaint ar chúpla pictiúr agus dealbh.

Rach. Tá sé scanallach. Tá an tír seo ar shiúl to pot! Ní thig le bean tí dhul áit ar bith inniu. *(Leaning close in a gossipy manner to finish her sentence.)* Muna bhfuil airgead agat!

Amel. Sin saol an lae inniu, tá mise i gcónaí ag insint sin do Tommy sagamsa, ach ní éisteann sé.

Geor. Fir? Ní éisteann duine ar bith acu, má chuireann tú ceist ormsa!

Amel. Bhal tá sé chomh maith againn look a bheith thart againn, anois nuair atáimid anseo.

Geor. Fiche euro isteach - fiche euro! Sé “rip off” atá ann.

Amel. Tá tú ceart. Now féach ar sin – 'forristaliskaya'. Cad é tá ag sin le déanamh leis an tír seo?

Rach. Rud ar bith!

Amel. Sé muidne, máithreacha na tíre, atá ag tógáil an chéad ghlúin eile páistí sa tír seo. Ba chóir don Rialtas cás speisialta a dhéanamh dúinne!

(Tagann Georgia agus Rachael a fhad leis an “oráiste” agus seasann siad ag féachaint air dumbfounded.)

Amel. Bhfuil sibh ag éisteacht liom a chailíní, cad é tá ciotach?

(Tagann Amelia a fhad leis an “oráiste” agus seasann síse ag féachaint air horrified.)

Amel. Cad é seo? Fiche Euro le fáil isteach san áit seo, le féachaint ar, le féachaint ar oráiste?

(While Amelia is saying this, the two security guards enter, passing through the exhibition hall making their rounds.)

Rach. Hey, sé tusa! Tar anall anseo bomaite.

Geor. An bhfuil sibhse ag obair anseo?

Gar. 1 Tá a bhean uasail, an dtig liom cuideamh leat?

Amel. Ná bí thusa ag tosú linne le do 'bhean uasal'. Cad é an sórt rud seo le cur ar taispeántas, inis sin dom.

Gar. 2 Bhal, amharcann sé cosúil le...oráiste.

Amel. Tá a fhios (*stamping her foot*) againn gur oráiste atá ann - ach cad é tá sé dhéanamh anseo?

Geor. Cad é an cíneal Ealaíne sin?

Gar. 1 Ná bí ag tabhairt amach dúinne, nílimidne ach ag obair anseo!

Rach. Cad é an sórt leithscéil sin? Thug gach duine againne fiche Euro le theacht isteach anseo, agus cad é atá romhainn nuair a thagaimid isteach? Oráiste!

Geor. Thig linn dhul go dtí an siopa. Thig linn dhul isteach in Super Valu agus chífimid oráistí, agus ní chaithfidimid 20 euro ar bith a chaitheamh!

Amel. Agus féach, níl an oráiste sin fiú organic! Níl fhios cad é na ceimicí a cuireadh ar an oráiste sin.

Geor. Agus pesticides!

Rach. Sé cinnte. Níl an oráiste sin sábháilte.

Gar. 2 Chailíní, chailíní, socraigí síos, le bhur dtoil.

Amel. Ná bí thusa ag insint dúinne cad é le déanamh.

Gar. 1 Nílimidne i gceannas anseo, ní insíonn aon duine rud ar bith dúinne!

Geor. Bhal inseoidh mise rud ínteacht duit, tá muidne ag fágáil anois, ach beimid ar ais, agus má tá an...(stuck for words), an “monstrosity” sin still ansin, beidh sibh buartha. (*Walks partly off stage but turns towards two friends.*) Goitsigí a chailíní, táimid fada go leor anseo!

Gar. 2 (*Smiling to Amelia.*) Slán anois.

Amel. Ná bí thusa leath chomh cheeky-áilte agus atá tú! Sciotrachán beag.

(*Striking one of the guards with her handbag as she leaves. The three frumps exit.*)

Gar. 1 Come on, b’fhearr dúinn a dhul agus seo a insint don Chúramaí.

(*Two guards exit. As they do so the Máistir re-enters followed by an bullaí with head down.*)

Máistir Tar anall anseo leat. Cén fáth a raibh tú ag piocadh ar Joni?

Bullaí Thosaigh sise é, agus anyway, tá sí just stupid!

Máistir Bí ciúin! Leitéhid de charry-on! Seas ansin agus ná bog. (*Calls the rest of the children from the other room.*) A pháistí, come on, déanaigí deifir, caithfimid imeacht.

Clíodhna Féach a Mháistir, tá pictiúr na mbancanna imithe.

Shan. Is mór an trua. Bhí dúil agam-sa ann. (*Taunting Joni.*)

Máistir (*Strictly.*) Shannan, coimhead cad é a deir tú.

Joni Anyway,tá an píosa ealaíne seo níos fearr!

(*Shannan laughs sneeringly.*)

Máistir Cad é tá contráilte leatsa anois?

Bullaí See, tá sí stupid. Ceapann sí gur píosa ealaíne atá san oráiste sin!

Máistir Agus cén fáth nach dtig le oráiste bheith ina phíosa ealaíne?

Rozlyn Yeah, bhí mise agus mamaí i nGailearaí i Nua Eabhrach, agus chonaic muid píosa bruscair, ina shuí ar phláta. Agus ealaín a bhí ann.

Clíodhna Aye, chonaic mise Canna Sú i nGailearaí uair amháin, agus ealaín a bhí ann!

Máistir Tá gach cineál ealaíne ann a Chiara!

Niamh Ceapaimse go bhfuil an t-oráiste sin iontach deas.

Joni Ceapaimse gur sin an píosa ealaíne is fearr sa ghailearaí uilig.

Cáit Cé a rinne é? An bhfuil a ainm scríofa air?

Cáitriona No, ní deir sé.

Rozlyn Bhal, cibé cé tá ann, tá sé maith.

Niamh Tá sé iontach, iontach maith!

Clíodhna A mháistir, tá an t-oráiste sin ag cur ocras ormsa. An dtig linn a dhul go dtí an caifé anois?

Máistir Thig cinnte a Chlíodhna. Right a pháistí, ar aghaidh linn.

(Exit all as the two suspect characters return onstage from the Seomra Ceilteach.)

Sus. 2 Tá sé imithe! Cá ndeachaigh sé?

Sus. 1 Níl íontas ar bith gur thóg siad é, i ndiaidh an carry-on a bhí ortsa!

Sus. 2 Do bharúil?

Sus. 1 Agus féach an rud a chuir siad ina áit, oráiste.

Sus. 2 Cad é tá contráilte le horáiste?

Sus. 1 Cad é tá contráilte le horáiste? Bhfuil tusa ag smaoineamh ar chor ar bith? Tá “hidden meaning” san oráiste sin, aye.

Sus. 2 Oh aye! *(Pause. Sus. 2 thinks, then asks:)* Cad é?

Sus. 1 Ara cad é. Oráiste, Liam Oráiste, na fir oráiste, siúlóidí oráiste. Níl rud ar bith aige le déanamh leis na Ceiltigh anyway.

(Cúramaí returns with one of the security guards.)

Gar. 1 Seo anseo é, sin an t-oráiste a raibh siad ag caint faoi.

(Sus. 1 seeing the Cúramaí begins to address her.)

Sus. 1 Cad é an idea atá agaibh ag cur rud mar sin ar taispeántas?

Cúr Gabh mo leithscéal?

Sus. 2 Oráiste!

Sus. 1 Cén fáth nach bhfuil rud éigin glas agaibh anseo - cad é tá cíotach le húll deas glas. Cheap mise gur gailearaí Éireannach a bhí anseo! Sin an t-am deireanach a bheidh mise ar ais anseo!

(Sus. 1 exits followed by Sus. 2.)

Sus. 2 Mise fosta, ní bheimid ar ais anseo!

Cúr a Athair Shioraí, tá gach rud ag dul contráilte inniu.

Garda Caithfimid réiteach a fháil den rud seo!

(Security Guard 2 enters with news.)

Gar. 2 A bhainisteoir, tá na Sasanaigh sin anseo, na cigirí ealaíne!

Cúr Tá siad anseo anois? *(Beginning to panic.)*

Gar. 2 Tá, tá siad ag iarraidh tú a fheiceáil.

Cúr Coinnigh amuigh iad, coinnigh amuigh iad bomaite!

Gar. 2 Ach tá siad ar an bhealach isteach cheana féin!

Cúr *(To Gar. 1.)* Go gasta, clúdaigh an rud sin.

Gar. 1 Cad é?

Cúr Tabhair dom an t-éadach sin, gasta!

(Cúramaí gets the white cloth and covers the orange just as the delegation enter.)

Cúr Oh hello! Tá fáilte romhaibh, tar isteach. Is mise Ellie Ní Dhomhnaill, bainisteoir an Ghailearaí, bhí mé ag caint libh ar an fón.

Emma Oh sé, Emma Middleton White, Dia duit.

Taylor Lady Taylor Anne Davenport, Dia duit.

Jon. Sir Jonathan Alexander Cornwallis Kingsley Smythe, Dia duit.

Cúr Dia daoibh uilig, tá fáilte romhaibh. Ar mhaith libh cupán tae nó caifé sula dtosaíonn sibh?

Emma No, tá deifir orainn, tá brón orm. Ba mhaith linn seo a fháil críochnaithe amach as an chasán chomh luath agus a thig linn.

Cúr Bhal, ceart go leor. Em, thig libh tosú sa seomra seo, seo príomh-halla an ghailearaí.

Jon. Ceart go leor *(says it very phonetically)* - as they say in your quaint little language.

(They gather around the statue of Geronimo.)

Emma Tosóimid anseo. Bhal, cad é a shíleann sibh, seo dealbh déanta ag an dealbhadóir “Landinsky”.

Jon. Mmm, níl fhios agam.

Emma Lady Davenport?

Taylor Tá sé ceart go leor ach, cad é tá sé ag déanamh i nGailearaí Éireannach?

Emma Aontaím leat, ní oibríonn sé.

Jon. No, oh no.

Emma Right, ar aghaidh linn. Seo pictiúr den damhsóir cáiliúil Rúiseach “Forristaliskaya” Bhur mbarúil?

Jon. Mmm. Arís, níl fhios agam.

Emma Lady Davenport?

Taylor Is maith liom na línte, tá sé dathúil, tá fuinneamh láidir sa phictiúr, tá sé i ndáiríre. But again, I must emphasise, a Russian Classicist in a Celtic Gallery? Níl fhios agam.

Emma Arís aontaím leat. Is mór an trua nach bhfuil níos mó oibre againn ó na Gaeil iad féin.

Cúr Bhal a chairde, cad é shíleann sibh go dtí seo?

Emma Mmm. Tá eagla orm nach bhfaca muid rud ar bith is fiú trácht air go fóill. (*Coming to the covered orange.*) Agus cad faoin phíosá seo?

Cúr Oh, níl rud ar bith anseo, tá na píosa seo, em, (*trying to think*) imithe le bheith glanta.

Emma Ach tá rud éinteacht faoin éadach, feicim é. Taispeáin dúinn é.

Cúr Oh, níl rud ar bith ann, ní bheadh súim ar bith agaibh ann.

Taylor Oh come now my good woman. Don’t have a hissy fit. You must trust our artistic integrity. We simply must see this exhibit to make an informed decision.

(*Jonathan lifts the cloth and reveals the orange, all three look on in utter silence and amazement at what they see, The Cúramaí hides her face, shakes her head, walks dejectedly to the side of the stage.*)

Taylor (*In English with large artistic hand movements and flourishes.*) But this is an amazing piece of modern art. It is striking in its bold simplicity. It takes the breath away! We must give this gallery the biggest grant that we can. This is simply astounding.

Cúr Tá mé buartha.

Emma Buartha? Cén fáth a bhfuil tú buartha?

Cúr Cad é dúirt sí?

Emma Dúirt sí gur seo an píosa ealaíne is fearr dá bhfaca sé le blianta. Dúirt sí go gcaithfidimid an deontas is mó a thabhairt daoibhse anseo sa ghailearaí seo.

Jon. I couldn't agree more. This is a truly bold statement of modern artistic intent, a daring yet excitingly simple and subtle use of neo-classical revisionism. Simply magnificent. You are all to be highly commended.

Cúr So, gheobhaidh muid an deontas i ndiaidh an iomláin?

Emma Gheobhaidh cinnte. Oh, bhí tusa iontach glic, ag cur an píosa is fearr ealaíne a bhí agaibh, i bhfolach. Iontach cliste. (*Turning to the others.*) Bhal a fheara an bhfuil sibh réidh?

Taylor Tá, ar aghaidh linn.

Jon. (*Looking at the orange one last time.*) Outrageous, yet cunningly endearing.

(*All three exit.*)

Cúr Ní chreidim é, ní chreidim é. A leithéid de lá, agus tá an deontas againn, siocair oráiste. A Ghardaí? Go dtí an oifig fa choinne deoch, táimid ag ceiliúradh.

(*Joe returns with the clipboard - completely worn out after a long day's work - ticking off all the jobs he has done.*)

Joe Leithris - déanta (*ticking each off the list*). Solais úra – déanta. Urlár an tSeomra Cheiltigh - déanta agus nite. Fuinneoga an halla – déanta. A Athair shíoraí - obair, obair, obair, ó éirí go luí na gréine. Tá mé 'wreckailte'. Í sin agus a cuid clipboards. But - da mbeinnse i m'ealaíontóir!

(*Begins to leave the stage, has one last look around, spots his orange, goes and picks it up, throws it in the air and catches it.*)

Ah bhal, sin scéal eile.

(*Lights out.*)